Corpoideachas trí Ghaeilge

Déan cúram cuí den sábháilteacht i gcónaí trína chinntiú go mbaineann an páiste feidhm as cleachtais shábháilte.

LÁ 3 TÉAMH SUAS 1 (GRÚPAÍ), TÉAMH SUAS 2 (DÉAN AITHRIS ORM) , TÉAMH SUAS 3 (CAITH CHUGAM É)

Moltaí

B'fhiú Téamh Suas 1 + 2 a dhéanamh ag tús an cheachta seo. Beidh deis acu dul siar ar na cluichí beaga seo agus an Ghaeilge atá acu a úsáid.

Sula ndéanann na páistí an ciorcal / fáinne (Téamh Suas 3) is fiú na heiseamláirí teanga a bheidh in úsáid acu a theagasc sa seomra ranga.

Is fiú na ceisteanna agus na freagraí a chur in airde ar an mballa (Prionta sa Timpeallacht) sa Halla chun tacú leis na páistí.

Beidh méid na gceisteanna bunaithe ar chumas an ranga – ná bíodh sé ró-dheacair dóibh.

Téamh Suas 1, Téamh Suas 2 + Téamh Suas 3: Caith Chugam É lch 26 Lámha in Airde	**Teanga Riachtanach**	**Teanga Chomhlántach**
Fearas: liathróid bhog nó mála pónairí do gach foireann, feadóg Dáréag ar gach foireann. Liathróid / mála pónairí do gach ciorcal. Beidh gach duine ina seasamh sa chiorcal. Lig dóibh roinnt gníomhaíochtaí a dhéanamh sa chiorcal mór ar dtús. *1. Bígí ag léim ar an spota.* *2. Bígí ag léim ar chos amháin.* *3. Léimigí ar an gcos eile.* *4. Déanaigí "jumping jacks".*	*duine, beirt, triúr, ceathrar, cúigear, seisear, seachtar, ochtar, naoinúr, deichniúr, aon duine dhéag, dáréag* *fáinne mór nó ciorcal mór* *Cad atá á dhéanamh agat?* *Tá mé ag _____* *Caith an liathróid. Chaith sé / Níor chaith sé / Ar chaith tú /sé/sí?* *Cuir ceist. Ar chuir tú? Chuir mé/ Níor chuir mé*	*Thit an liathróid ar an talamh.* *Tá brón orm. Ní raibh mé ag féachaint / ag faire ar an liathróid.* *Ó, ghortaigh tú mo lámh.* *Ní bhfuair mise an liathróid / aon seans.* *Ní / Is maith liom an cluiche seo.*

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE

5. Déanaigí cruth mór. *6. Déanaigí cruth an-bheag ar fad.* Ansin beidh dhá chiorcal ag teastáil. Beidh uimhir ag gach duine a 1, 2. 1, 2, 1, 2, 1…… *Uimhir a 1, seasaigí anseo., déanaigí ciorcal.* *Uimhir a 2, seasaigí anseo agus déanaigí ciorcal eile.* *a)* Ansin tosaíonn an múinteoir. Caitheann sé/sí isteach an liathróid agus deir sí *"Cad is ainm duit?"* b) An páiste a fhaigheann an liathróid – deir sé – *"_____ is ainm dom".* *c)* Caitheann an páiste sin an liathróid ar aghaidh go dtí an chéad duine eile le *"Cad is ainm duit?"* d) Leanann an cheist sin ar feadh 30 soicind agus ansin séideann an múinteoir an fheadóg. e) Ceist 2 – An maith leat _____? Is maith liom ____. Ní maith liom ___. Is breá liom ____. Is fuath liom _____. Is aoibhinn liom _____. (30 soicind) f) Ceist 3 – An maith leat a bheith ag	*Cén cheist a chuir tú?* *Cuir an liathróid ar an urlár idir do dhá bhróig.* *Caith chugam é/í le do thoil.* *Tabhair dom é, más é do thoil é.* *Na ceisteanna:* *Cé tusa? Is mise ____.* *Cad is ainm duit? _____ is ainm dom.* *An bhfuil _____ agat? Tá / Níl _____ agat.* *An maith leat _____? Is / Ní maith liom _____.* *Ar mhaith leat dul _____? Ba / Níor mhaith liom dul _____.* *Fuair mise an liathróid cheana.* *Ní bhfuair mise an liathróid ar chor ar bith / fós*	*Go raibh maith agat.* *Tá fáilte romhat.* *Tá X ag pleidhcíocht.* *An bhfuil cead agam* *dul go dtí an leithreas?* *deoch uisce a fháil?* *mo gheansaí a bhaint díom?* *mo bhróg a dhúnadh?* *ceist a chur (as Béarla)?*

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE

_____.? (30 soicind) g) Ceist 4 – Cad a itheann tú nuair a bhíonn ocras ort? Ithim _____ srl. (30 soicind)	*Coimeád súil ar an liathróid (nó buailfidh sé tú).* *Bí ag faire ar an liathróid.*	
Prionta sa Timpeallacht	**Cad is ainm duit? _____ is ainm dom.** **An bhfuil _____ agat? Tá / Níl _____ agat.** **An maith leat _____? (ainmfhocal)** **Is / Ní maith liom _____. Is breá liom ____. Is fuath liom _____. Is aoibhinn liom _____.** **An maith leat a bheith ag _____.?** **Is maith liom a bheith ag _____.** **Is fuath liom a bheith ag _____.** **Cad a itheann tú nuair a bhíonn ocras ort?** **Ithim _____ nuair a bhíonn ocras orm.** **Cad a ólann tú nuair a bhíonn tart ort?** **Ólaim _____ nuair a bhíonn tart orm.** **Ar mhaith leat dul _____?** **Ba / Níor mhaith liom dul _____.**	**Tá _____ ag pleidhcíocht.** **Ghortaigh mé mo _____.**

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE

Teanga mholta	*Maith thú, a ____! Maith sibh! Go maith.* *Maith an buachaill / an fear.* *Maith an cailín / an bhean.* *An-iarracht. Ar fheabhas.* *Go han-mhaith. Go hiontach.* *Ar fheabhas ar fad! Go hiontach ar fad!* *Tabhair seans eile dó/di.* *Lig dó/di.* *Leanaigí oraibh. Lean ar aghaidh.* *Fan leis.* *Ná bac leis sin anois.*	

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE